



Imlitir 0034/2018

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna
agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus chuig
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Earcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) - Socruithe Sannacháin Bhreise
don scoilbhliain 2018/2019:**

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na socruithe sannacháin breise seo a leanas a chur i bhfeidhm le haghaidh CRSanna don scoilbhliain 2016/17. Tá ar gach fostóir na socruithe seo le cur i bhfeidhm le héifeacht láithreach agus ní mór do gach scoil/BOO agus do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí le téarmaí na himlitreach seo.

Tagann an Imlitir seo in ionad Imlitreach 0042/2017. Is í is aidhm don Imlitir seo údaráis bhainistíochta, Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus CRSanna a chur ar an eolas faoi na socruithe sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna don scoilbhliain 2018/19.

D'fhonn dul i ngleic le ceist díbhuanaithe na fostaíochta i measc CRSanna, má tá leithdháileadh breise d'uaireanta/poist CRS ag scoil/BOO (m.sh. leithdháileadh breise d'uaireanta/poist CRS nó má d'fhág CRS a p(h)ost), ní mór an leithdháileadh breise sin d'uaireanta/poist a thairiscint d'aon CRSanna páirt-aimseartha atá sa scoil sin, de réir sinsearachta, sula dtéann an fostóir in iontaoibh na socruithe seo. Ciallaíonn sé seo nach mór d'fhostóir a chinntiú gur tairgeadh post lánaimseartha sa scoil, nó i gcás na mBOOanna, post lánaimseartha i scoil laistigh den scéim BOO, do gach CRS páirt-aimseartha atá fostaithe acu cheana féin, de réir sinsearachta sula ndéantar an rogha duine (daoine) breise a earcú mar CRS(anna).

Tá sonraí iomlána leagtha amach i gCuid 17 den Imlitir seo.

Glactar leis nach ndéantar leasú ar imlitreacha ná ar rialacháin maidir le hearcaíocht CRSanna ach sa mhéid is a luaitear san Imlitir seo. Dá réir sin, ba chóir d'fhostóirí cloí leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm cheana féin i ndáil le hearcaíocht CRSanna ach na bearta seo a leanas a áireamh chun feidhmiú na socruithe sannacháin fhorlíontaigh seo do CRSanna a éascú. I gcás bunscoileanna agus scoileanna speisialta, tá an méid seo ag teacht le hAguisín H den Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019, nó le haon leagan leasaithe de sin a mbeidh feidhm aige ag an am sin.

Dáileadh:

Cinntigh, le do thoil, go gcuirfear cóipeanna den imlitir seo ar fáil don mBord Bainistíochta/do na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go ndíreofar aird gach CRS i d'fhostaíocht air, iad seo atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh.

Fiosruithe:

Seoltar fiosruithe i leith na hImlitreach seo trí ríomhphost amháin chuig an seoladh ríomhphoist tiomnaithe seo a leanas: snasupplementpanel@education.gov.ie

Tá teacht ar an Imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Philip Crosby
Caidreamh Foirne Seachtraí
17 Bealtaine 2018

CLÁR ÁBHAR

	Leathanac h/leathanaigh
1. Sainmhínte agus Téarmaí Míniúcháin	4 - 5
2. CRS agus iomarcaíocht	6 - 7
3. Scaradh leis an bpainéal forlíontach CRS	8
4. Saoire do CRS - Próiseas nach mór d'fhostóirí a leanúint	9 - 12
5. Eolas ábhartha breise	13- 14
6. Aguisín 1 - Doiciméad Bailíochtú Próisis (Foirm PVD (Doiciméad Bailíochtú Próisis))	15 - 16
7. Aguisín 2 - Foirm Painéil 1 (PF1)	17 - 18
8. Aguisín 3 - Foirm scar-rogha	19 - 20

Doiciméadaí Fíorú Próisis a chur ar ais

Ní mór do scoileanna/BOO Doiciméad Fíorú Próisis ar leith a chomhlánú i ndáil le comhdú gach folúntais lena n-áirítear uaireanta breise a chomhdú (is é sin, má fhaigheann CRS atá fostaithe go páirt-aimseartha cheana féin uaireanta breise). Ní mór an Doiciméad Bailíochtú Próisis a chur ar ais chuig an mbainisteoir um shannacháin fhorlíoantaigh laistigh de shé seachtaine ó líonadh an folúntas - féach leathanach 10 den imlitir seo chun tuilleadh eolais a fháil, chomh maith le leathanaigh 15 agus 16 chun cóip den bhfoirm Doiciméad Fíorú Próisis a fháil.

SAINMHÍNITHE AGUS TÉARMAÍ MÍNIÚCHÁIN:

Chun críocha na himlitreach seo beidh na bríonna seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas ach amháin má chuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl:

Cuspóir leis na Socrúcháin maidir le Sannachán Forlíontach CRS - Is é is cuspóir leis na socrúcháin seo éascaíocht a dhéanamh do CRSanna incháilithe atá á gcur ag iomarcaíocht ag fostóir amháin le go líonfaidh siad folúntais CRS a d'fhéadfadh teacht chun cinn i scoil / BOO eile.

Fostóir – an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/coláistí pobail/scoileanna náisiúnta pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, iarbhunscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht as nithe a leagtar amach san imlitir seo a tharmligean chuig Príomhoide na scoile.

An Roinn - ciallaíonn sé an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Bainisteoir Sannacháin Fhorlíontaigh – duine a shannann an Roinn Oideachais agus Scileanna chun an ról a leagtar amach in alt 30 (leathanach 13) den Imlitir seo a chomhlíonadh.

Gnáth-CRS - post ar cuid den chandam tacaíochta a chuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar fáil do scoil.

Post CRS Ionadaíochta nó Cumhdaigh - má cheaptar CRS ionadaíochta nó clúdaigh ar bhonn sealadach chun folúntas a líonadh le linn den nGnáth-Chúntóir Riachtanas Speisialta a bheith ar saoire neamhláithreachta ar nós Saoire Máithreachais, Saoire Bhreiteachta, Sos Gairme, post-roinnt, srl.

Seirbhís a Thabhairt Anonn – Aon CRS a mheastar a bheith ina bhall den phainéal sannacháin fhorlíontaigh seo agus a cheaptar chuig post CRS breise an 1 Meitheamh 2019 nó roimhe sin, tabharfaidh sé anonn aon tseirbhís ináirithe atá fabhráithe aige/aici cheana féin mar CRS leis an bhfostóir a bhí aige/aici roimhe. Tabharfar é sin anonn agus beidh sé ináirithe, chun críche iomarcaíochta agus sin amháin, sa chás go dtagann cás iomarcaíochta chun cinn san am atá le teacht i ndáil leis an duine sin, m.sh. CRS a raibh post lánaimseartha aige i Scoil A ón 1 Meán Fómhair 2014 go dtí an 31 Lúnasa 2017. Ansin faigheann sé post CRS lán-aimseartha i Scoil B agus bíonn ag obair i Scoil B ón 1 Meán Fómhair 2017 go dtí an 31 Lúnasa 2020. Ag an bpointe sin, cuirtear ar iomarcaíocht é/í agus roghnaíonn sé íocaíocht iomarcaíochta. 6 bliana a bheidh a t(h)réimhse seirbhíse don íocaíocht iomarcaíochta sin, is é sin, 3 bliana ó Scoil A móide 3 bliana ó Scoil B.

Doiciméad Fíorú Próisis – Féach Aguisín 1 (leathanaigh 15 go 16). Caithfidh fostóirí an fhoirm seo a chomhlánú i ndáil le gach gnáthfholúntas CRS, **lena n-áirítear**

uaireanta breise a líonadh (is é sin, má fhaigheann CRS páirt-aimseartha atá ann cheana féin uaireanta breise), ach amháin i gcás folúntas ionadaíochta nó “clúdaigh” agus ní mór í a thabhairt chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh.

Foirm Phainéil 1 (PF1) – Féach Aguisín 2 (leathanaigh 17 agus 18). Nuair a chuireann fostóir in iúl do CRS go bhfuil sé/sí á c(h)ur ar iomarcaíocht, is ceart don bhfostóir Foirm Phainéil 1 (PF1), agus í comhlánaithe, a thabhairt don CRS. Is ceart do CRSanna cóip den bhFoirm Phainéil 1 (PF1), agus í comhlánaithe, a thabhairt d’fhostóirí i gcónaí agus iad ag déanamh iarratais ar fholúntais mar is é sin an t-aon mhodh d’fhostóirí lena chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil cearta painéil ag iarratasóir.

FOIRM SCAR-ROGHA – Féach Aguisín 3 (leathanaigh 19 go 20). Tá an fhoirm seo le comhlánú ag an CRS ar mian leis scaradh leis an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh CRS 2018/19. Cuirfidh sin tús leis an bpróiseas chun a (h)íocaíocht iomarcaíochta a dhéanamh de réir na dtéarmaí a leagtar amach sa scéim iomarcaíochta CRS (Imlitir 58/06 de chuid na ROS) nó le hathbhreithniú ar bith air sin a bheidh infheidhme amhail an tráth sin. Is cinneadh críochnaitheach ceangailteach é an cinneadh scaradh leis an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh 2018/19 do CRSanna.

CRS agus IOMARCAÍOCHT:

Cad a tharlaíonn nuair a fhógraítear do CRS go bhfuil sé le cur ar iomarcaíocht?

1. **Caithfidh** fostóirí an iomarcaíocht a phróiseáil mar is gnáth. Má tá CRS fostaithe ag Bunscoil, Iarbhunscoil nó Pobalscoil agus ag Scoil Chuimsitheach aitheanta, ansin ba chóir don bhfostóir fógra foirmiúil faoin iomarcaíocht a thabhairt don CRS agus ba chóir an fhoirm RED1 CRS agus an fhoirm RP50 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an seoladh thíos láithreach. Is é an spriocdháta chun iarratais a fháil ná mar a leagtar amach in Imlitir 58/2006 de chuid na ROS (52 seachtain ón dáta iomarcaíochta, faoi láthair) nó aon athbhreithniú air sin a bheidh infheidhme amhail an tráth sin. Tá na foirmeacha thuasluaite ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie, mar aon le treoirínte maidir lena gcomhlánú.

An tAonad Iomarcaíochta CRS
An Rannóg Phárolla
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

2. **Mura bhfaightear iarratas ar iomarcaíocht faoin ngnáth-spriocdháta chun iarratais ar iomarcaíocht a fháil (52 seachtain ó dháta na hiomarcaíochta, faoi láthair) ansin ní bheidh an CRS incháilithe i gcomhair iomarcaíochta mura bhfaigheann sé/sí post trí bhíthin na socrúithe seo.**
3. Más rud é go bhfuil CRS fostaithe faoi láthair ag BOO, ba chóir na forálacha atá ann faoi láthair maidir le hathshannadh laistigh den BOO a chomhlíonadh sula n-eisítear aon fhógra iomarcaíochta. Ina dhiaidh sin, ba chóir don bhfostóir an iomarcaíocht a phróiseáil mar is ghnáth, ba chóir fógra foirmiúil a thabhairt faoin iomarcaíocht don CRS agus ba chóir RP50 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an rannóg ábhartha sa BOO.
4. Chomh luath is a thugann fostóir fógra do CRS a bhfuil ar a laghad bliain seirbhíse curtha isteach aige/aici (ní ghlactar seirbhísí i gcáil ionadaíochta, .i. clúdach do shaoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, sosanna gairme, post-roinnt, srl. san áireamh, ná seirbhísí i gcáil ionadaíochta, chun críocha iomarcaíochta) go bhfuil sé le cur ar iomarcaíocht ansin measfar é a bheith ina bhall de phainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna. **Ní bheidh feidhm leis sin má chailleann CRS uaireanta ach go bhfanann sé/sí leis an bhfostóir reatha.**
5. Nuair a chuireann fostóir in iúl do CRS go bhfuil sé/sí á c(h)ur ar iomarcaíocht, is ceart don bhfostóir Foirm Phainéil 1 (PF1) atá ceangailte leis an Imlitir seo ag lgh. 17 agus 18 a thabhairt don CRS **láithreach bonn.**

6. Is ceart do CRSanna cóip den bhFhoirm Phainéil 1 (PF1), agus í comhlánaithe, a thabhairt d'fhostóirí i gcónaí agus iad ag déanamh iarratais ar fholúntais mar is é sin an t-aon mhodh d'fhostóirí lena chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Cearta Painéil ag iarratasóir.
7. I gcás CRSanna a cuireadh ar iomarcaíocht ar an 1 Bealtaine 2017 nó ina dhiaidh sin agus nach bhfuil post nua faighte acu, fanfaidh siad ar an bpainéal seo go dtí an 1 Meitheamh 2019 le súil agus tuilleadh fostaíochta CRS a fháil. Féadfaidh na CRSanna sin scaradh leis an bpainéal, dá rogha féin, agus a n-íocaíocht iomarcaíochta a fháil ach ní tharlóidh sin go huathoibríoch.
8. I gcás CRSanna a cuireadh ar iomarcaíocht idir an 1 Bealtaine 2016 agus an 30 Aibreán 2017 agus nach bhfuil post CRS nua faighte acu astu féin, déanfar a n-iomarcaíocht a phróiseáil anois, ar an gcoinníoll:
 - i. Go bhfuil a bhfoirmeacha Red1 agus RP50 CRS curtha ar aghaidh acu faoi na spriocdhátaí lena mbaineann;
 - ii. Nach bhfuil a n-íocaíocht iomarcaíochta faighte acu cheana féin tríd an sásra "scar-rogha"

Íocaíochtaí Iomarcaíochta a phróiseáil:

9. Ní chuirfear tús le híocaíochtaí iomarcaíochta de chuid CRS a mheastar a bheith ina mbaill den bpainéal sannacháin fhorlíontaigh seo roimh 1 Meitheamh 2019. Ag an bpointe sin ní mheastar CRS ar bith nach bhfuil ceaptha i bpost CRS eile a bheith ina b(h)all den bpainéal sannacháin fhorlíontaigh a thuilleadh mar beidh deireadh tagtha leis an bpainéal. Cuirfear tús le próiseáil a (h)íocaíocht iomarcaíochta d'fhonn é a chríochnú a luaithe agus is féidir.

10. Seirbhís reatha - Iomarcaíocht:

Ní dhéanfar aon íocaíocht iomarcaíochta maidir le CRS ar bith a mheastar a bheith ina bhall den bpainéal sannacháin fhorlíontaigh seo agus a cheaptar i bpost CRS eile ar an 1 Meitheamh 2019 nó roimhe sin. Má cheaptar é/í i bpost CRS eile le linn na scoilbhliana 2018/19 áfach, tabharfar an t-seirbhís siúd mar CRS atá fabhráithe aige/aici cheana féin mar CRS leis an bhfostóir reatha óna ndéantar iomarcach é/í agus a mbeadh sé/sí incháilithe chun íocaíocht iomarcaíochta a fháil ina leith de réir téarmaí Imlitir 58/06 na ROS agus beidh sí ináitithe chun críche iomarcaíochta amháin, má thagann iomarcaíocht chun cinn amach anseo i ndáil an duine seo.

SCARADH LEIS AN bPAINÉAL SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH CRS:

11. Féadfaidh CRS scaradh leis an bpainéal seo am ar bith, rud a chuirfidh tús le próiseáil a (h)íocaíocht iomarcaíochta de réir na dtéarmaí a leagtar amach i scéim iomarcaíochta CRS (Imlitir ROS 58/06) nó aon athbhreithniú ar na téarmaí a bheidh infheidhme amhail an tráth sin. Is cinneadh críochnaitheach ceangailteach é an cinneadh scaradh leis an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh 2018/19 do CRSanna. Ba chóir do CRS ar rogha leis/léi scaradh an FHOIRM SCAR-ROGHA CRS a chomhlánú ar lgh. 19 agus 20 den Imlitir seo agus an fhoirm, agus í comhlánaithe, a sheoladh chuig:
An tAonad Iomarcaíochta CRS, An Rannóg Párolla
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Tabhair do d'aire, le do thoil: Más rud é go raibh an CRS fostaithe ag BOO ba chóir an fhoirm scar-rogha a sheoladh chuig Roinn Acmhainní Daonna an BOO sin.
12. Úsáideann an Roinn/BOO córas srianta agus ceartúchán agus scar-roghanna nó éilimh iomarcaíochta á bpróiseáil acu. Má fhaightear amach gur sheol duine foirm scar-rogha chuig an Roinn/BOO ach má tá post CRS nua faighte aige/aici i scoil eile, ansin tiocfaidh deireadh le próiseáil na foirme scar-rogha agus ní dhéanfar aon íocaíocht iomarcaíochta.
13. Aon CRS a roghnaíonn íocaíocht iomarcaíochta mar a leagtar amach thuas agus a athfhostaítear mar CRS i scoil nó BOO **ar bith** laistigh de 1 bliain ó bheith curtha ar iomarcaíocht, ní mór dó a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna nó don Bhord Oideachais agus Oiliúna ábhartha go bhfuil íocaíocht den sórt sin faighte aige/aici. Sna cúinsí sin, beidh ar an duine sin an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Déanfar na socruithe don aisíocaíocht an tráth sin, faoi réir ag an aisíocaíocht a bheith críochnaithe laistigh de chreat ama 12 mí. Ní bheidh an aisíocaíocht seo iníochta leis an CRS fiú amháin i gcás iomarcaíochta amach anseo mar go measfar an tseirbhís a ndearnadh an íocaíocht ina leith a bheith briste de bharr go bhfuair an duine sin a theidlíochtaí reachtúla iomarcaíochta.
14. Ba chóir a thabhairt ar aird, fiú más rud é go n-aisíocann CRS an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta, measfar an tseirbhís a ndearnadh an íocaíocht ina leith a bheith briste de bharr go bhfuair an duine sin a t(h)eidlíochtaí reachtúla iomarcaíochta agus ní bheidh seirbhís den sórt sin ináirithe chun críocha iomarcaíochta má chuireann an fostóir nua an duine ar iomarcaíocht tráth ina dhiaidh sin.
15. Má ghlacann CRS leis an íocaíocht iomarcaíochta, beidh air dearbhú a shíniú a léireoidh an méid sin. Beidh san áireamh sa dearbhú sin údarú go bhféadfaidh an Roinn agus fostóir ar bith CRSanna san earnáil oideachais an

fhaisnéis a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála seo.

SAOIRE DO CRS - PRÓISEAS NACH MÓR D'FHOSTÓIRÍ CLOÍ LEIS:

Faoi réir aon eisceachtaí arna ceadú ag na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015, ní féidir rún maidir le hidirdhealú a léiriú sa phróiseas earcaíochta agus roghnaithe ná ní féidir faisnéis a bheith ann, i bhfoirm ar bith, a bhféadfaí tuiscint a bhaint aisti go réasúnach go bhfuil a leithéid de rún i gceist.

16. Féadfar CRS ar ball den phainéal sannacháin fhorlíontaigh é a fhostú mar CRS ionadaíochta fad a choinníonn sé/sí a b(h)allraíocht ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh. Níl seirbhís den sórt sin ináirithe chun críche sinsearachta, iomarcaíochta ná chun críche incrimintí.

Níl rialacha painéil sannacháin fhorlíontaigh i bhfeidhm maidir le folúntais ionadaíochta ná “Clúdaigh” a líonadh, i.e. Saoire Mháithreachais, Saoire Bhreiteachta, Sosanna Gairme, athsholáthar do phost-roinnt, saoire neamhíochta, srl. Ba chóir na folúntais sin a líonadh ag an mBunleibhéal de réir Aguisín H den Lámhleabhar Rialachais 2015 - 2019. Ag an Iarbhunleibhéal ní mór gach gnáthfolúntas CRS agus gach folúntas clúdaigh CRS a mhairfidh ar feadh 24 seachtaine nó níos faide a fhógairt ar cheann de na láithreáin ghréasáin atá luaite ag pointe 19 thíos.

17. **Má tá leithdháileadh breise d'uaireanta/poist CRS ag scoil/BOO (m.sh. leithdháileadh breise d'uaireanta/poist CRS nó má d'fhág CRS a p(h)ost), ní mór an leithdháileadh breise sin d'uaireanta/poist a thairiscint d'aon CRSanna páirt-aimseartha atá sa scoil sin, de réir sinsearachta, sula dtéann an fostóir in iontaoibh na socruithe seo. Ciallaíonn sé seo nach mór d'fhostóir a chinntiú gur tairgeadh post lánaimseartha sa scoil, nó i gcás na mBOOanna, post lánaimseartha i scoil laistigh den scéim BOO, do gach CRS páirt-aimseartha atá fostaithe acu cheana féin, de réir sinsearachta sula ndéantar an rogha duine (daoine) breise a earcú mar CRS(anna).**

(Is féidir na huairanta breise sin a thairiscint do CRSanna páirt-aimseartha sa scoil sin, in ord sinsearachta, sa chás go mbeidh uaireanta breise ann de bharr go bhfuil CRS ag dul ar shos gairme. Beidh sin de lánrogha na scoile/BOO agus ag teacht le sannadh sainiúil ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Ba chóir conradh ar leithligh do na huairanta breise a eisiúint ar an CRS a fhaigheann na huairanta sin (Féach Imlitir na ROS 22/2012, Cuid 8.2). Déanfar tairiscint den sórt sin ar an tuiscint go rachaidh an CRS páirt-aimseartha ar ais chuig na huairanta páirt-aimseartha an tráth a rachaidh an CRS ar shos gairme i mbun dualgais arís. Ní áireofar seirbhís i gcáil ionadaíochta i gcomhair uaireanta breise chun críocha iomarcaíochta.)

- Déanfar an tairiscint seo faoi réir an CRS a bheith ag tabhairt faoi dhualgais iomlána an phoist, lena n-áirítear aon oiliúint/breis-sciliú is

gá chun freastal ar riachtanais chúraim an dalta/na ndaltaí agus chun dualgais iomlána an phoist a chomhlíonadh.

- Sa chás go ndiúltaíonn CRS(anna) deis maidir le post lánaimseartha agus/nó sa chás go mbeidh uaireanta/post breise CRS fós ann, ansin ba chóir don bhfostóir tús a chur leis an bpróiseas seo chun folúntas nó folúntais den sórt sin a líonadh.
- An t-aon eisceacht is féidir a dhéanamh leis an rial seo ná má tá cinneadh i scríbhinn ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta / Eagraí Riachtanais Oideachais Speisialta ag scoil/BOO a deir go gcaithfear a leithdháileadh a dheighilt idir líon áirithe CRSanna agus/nó a deir go gcaithfear an leithdháileadh a chur i bhfeidhm ar shlí ar leith chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúraim an dalta nó na ndaltaí.
- I gcásanna ina bhfuil an eisceacht seo á cur i bhfeidhm ag scoil/BOO, ní mór an cinneadh seo i scríbhinn ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta / Eagraí Riachtanais Oideachais Speisialta a thabhairt don CRS nó do na CRSanna páirt-aimseartha a ndéanann sé difear dóibh.
- Níl éifeacht ar bith ar chúrsaí maidir le laethanta Naíonán, ar gné sonrach ar leith í den scéim CRS, a leithdháileadh agus a roinnt.

18. Ní mór do scoileanna/BOO Doiciméad Bailíochtú Próisis ar leith (Igh. 15 & 16) a chomhlánú i ndáil le comhdú gach folúntais lena n-áirítear uaireanta breise a chomhdú (is é sin, má fhaigheann CRS atá fostaithe go páirt-aimseartha cheana féin uaireanta breise). Ní mór an doiciméad sin a chur ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh laistigh de shé seachtaine ón bhfolúntas a líonadh.

19. Ní mór gach gnáthfhólúntas CRS agus gach folúntas clúdaigh CRS a mhairfidh ar feadh 24 seachtaine nó níos faide a fhógairt ar cheann de na láithreáin ghréasáin a luaithe agus is féidir.

Is féidir folúntais CRS a fhógairt go háitiúil freisin de réir riachtanais nó mar a mheastar is gá. Cuirfidh sin ar chumas CRSanna atá á gcur ar iomarcaíocht fios a bheith acu faoi na folúntais CRS atá ar fáil.

Liosta na suíomh gréasáin:

www.educationposts.ie

www.staffroom.ie

www.educationcareers.ie

www.educatetogether.ie

www.jobsireland.ie

Suíomh gréasáin de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar bith

20. Ní mór liosta a bheith san fhógra faoi na hinniúlachtaí agus/nó na riachtanais ar leith is gá chun riachtanais speisialta oideachais an dalta nó na ndaltaí a chomhlíonadh.

21. Meabhraítear d'fhostóirí gurb é, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2011, an caighdeán oideachais íosta chun duine a cheapadh i bpost CRS: Mórcháilíocht CDBOO ag leibhéal 3 ar chreat náisiúnta na gcáilíochtaí **nó** ar a laghad trí ghrád D sa Teastas Sóisearach **nó** a chomhionann.
22. Má fhaigheann fostóir iarratas ar fholúntas ó CRS amháin nó níos mó atá le cur ar iomarcaíocht agus a thugann cóip dheimhnithe den Fhoirm Phainéil 1 (PF1) don bhfostóir, ansin beidh **oibleagáid** ar an bhfostóir an folúntas a thairiscint do dhuine de na CRSanna sin. **Tá sin faoi réir an CRS a bheith ag comhlíonadh aon inniúlachtaí sonracha agus/nó riachtanais chun riachtanais speisialta oideachais an daltaí/na ndaltaí a chomhlíonadh.** Beidh próiseas agallaimh de dhíth chun é sin a dheimhniú. Chomh maith leis sin, beidh an méid sin faoi réir Teistiméireachtaí a bheith á seiceáil agus á bhfíorú, aon riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde (OHS) a bheith á gcomhlíonadh agus grinnfhiosrúchán sásúil ón nGarda Síochána a bheith ar fáil. Ní mór don CRS aontú cloí le héiteas an fhostóra faoi chaibidil.
23. Gearrliosta de na hiarratasóir a chuirfear faoi agallamh:
Ní féidir le fostóirí ach CRSanna a bhfuil cóip den bhFoirm Phainéil 1 (PF1) acu a chur faoi agallamh ar an gcéad dul síos. Má tá cúigear iarratasóirí nó níos nó lú, glaofar gach duine acu chun agallaimh. Mura bhfuil, glaofar cúigear chun agallaimh ar a laghad.
24. Mura bhfaigheann fostóir iarratas ar fholúntas ó CRS a bheidh curtha ar iomarcaíocht agus a thugann cóip dheimhnithe den bhFoirm Phainéil 1 (PF1) don bhfostóir laistigh den tréimhse ama atá sonraithe sa bhfógra **nó** tar éis cúigear iarratasóirí ar a laghad a bheith curtha faoi agallamh, más léir nach gcomhlíonann aon duine de na hiarratasóirí na hinniúlachtaí agus /nó na riachtanais sonracha chun riachtanas oideachais speisialta an dalta / na ndaltaí a chomhlíonadh, **is ansin amháin** is féidir leis an bhfostóir iarratasóirí eile a ghlaoch chun agallaimh d'fhonn an folúntas atá ann a líonadh as na hiarratasóirí eile ar an bhfolúntas (d'fhéadfadh níos mó iarratasóirí painéil a bheith san áireamh). **Ba cheart go n-eagrófar an próiseas agallaimh tánaisteach ar lá eile agus i gcás bunscoileanna, tá sé faoi réir** Aguisín H den Lámhleabhar Rialachais do Bunscoileanna 2015-2019.
25. I ndiaidh agallamh, má fhaigheann roinnt iarratasóirí an marc céanna, ba cheart gurbh í sinsearach mar CRS an fachtóir chun an folúntas a líonadh. Is féidir sinsearach CRS a fháil amach ón bhFoirm PF1.
26. Nuair a dhéantar an post a thairiscint don iarratasóir ar éirigh leis, beidh air nó uirthi a dheimhniú i scríbhinn don bhfostóir go bhfuil glactha aige/aici leis tráth **nach déanaí ná sé lá féilire** ó dháta na litreach tairisceana. Mura nglacfar leis an bhfolúntas arna sholáthar sa tréimhse ama chuí, aistarraingeofar an tairiscint.

27. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:

Ba cheart go ndeimhneodh an fostóir go comhlíonann daoine a cheapfar i bpoist CRS riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus go soláthraíonn siad dearbhú reachtúil maidir le cosaint leanaí agus foirm ghealltanais a ghabhann leis. Tá riachtanais reatha leagtha amach ar www.education.ie

28. Conarthaí Fostaíochta:

Ba cheart go dtabharfar conradh fostaíochta do dhaoine atá ceaptha de réir na gcoinníollacha arna leagan amach sna himlitréacha cuí, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. Tá na conarthaí reatha do CRSanna ag leibhéal na Bunscolaíochta agus na hIarbhunscolaíochta ar fáil ar na seoltaí seo a leanas: http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/sna15_05.pdf
https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gn%C3%ADomhacha/sna12_05_ir.pdf

29. Fógra an cheapacháin don Roinn Oideachais agus Scileanna:

I ndiaidh an phróisis cheapacháin atá mínithe thuas a chríochnú, déanfaidh fostóirí (seachas Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO)) an fhoirm "Fógra an Cheapacháin - CRS" a chomhlánú agus a chur isteach. Tá an fhoirm ar fáil ar an seoladh gréasáin seo a leanas: <http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Popular-forms/Special-Needs-Assistant-Appointment-Form.pdf>

EOLAS ÁBHARTHA BREISE:

30. Ról an Bainisteoir Sannacháin Forlíontaigh:

Beidh ról an bhainisteoir shannacháin fhorlíontaigh mar seo a leanas i gcomhair na scoilbhliana 2018/19:

- Tá ar fhostóir ar bith a earcaíonn CRS cóip den Doiciméad Fíorú Próisis comhlánaithe a chur ar fáil don mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh.
 - Athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna roinnt CRSanna (más ann dóibh) nár éirigh leo fostaíocht eile a fháil tríd na socruithe seo d'fhonn a fháil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cúiseanna ar leith a bhíonn ann arís agus arís eile nár éirigh le CRSanna fostaíocht CRS eile a fháil tríd na socruithe seo.
 - I gcomhréir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, déanann na hÚdaráis Bhainistíochta agus na Ceardchumainn athbhreithniú ar fheidhmiú na socruithe / na hImlitreach roimh an scoilbhliain 2019/20 d'fhonn aon leasuithe a bhfuil gá leo a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmiú na socruithe seo.
31. Mar a sonraíodh cheana, tagann an Imlitir seo in ionad na hImlitreach 42/2017 de chuid na ROS i ngach aon tslí. Ciallaíonn sé seo go bhfanfaidh CRSanna a cuireadh ar iomarcaíocht i ndiaidh an 1 Bealtaine 2017 agus nach bhfuil post nua faighte acu ar an bpainéal go dtí an 1 Meitheamh 2019 le súil fostaíocht eile mar CRS a fháil. Féadfaidh na CRSanna sin scaradh leis an bpainéal, dá rogha féin, agus a n-íocaíocht iomarcaíochta a fháil ach ní tharlóidh sin go huathoibríoch.
32. Ní cheapfar CRS ach i bpost atá le líonadh laistigh den soláthar post atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
33. Más rud é go gcheapfar CRS i bpost eile CRS ar an 1 Meitheamh 2019 nó roimhe, ní mheasfar mar bhall den phainéal sannacháin fhorlíontaigh 2018/19 do CRSanna a thuileadh é / í.
34. Ba cheart a lua más rud é go ndiúltaíonn CRS post (nó post páirt-aimseartha), ní bheidh sé / sí i dteideal ballraíochta ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna agus ní bheidh sé / sí i dteideal íocaíocht iomarcaíochta a éileamh dé réir mar a rinneadh cheana.
35. Ní bheidh aon teidlíocht tuarastail ag CRSanna ar baill iad den phainéal sannacháin fhorlíontaigh de bhua ballraíochta ar an bpainéal seo.

36. Ní bheidh aon am atá caite ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh CRS ináirithe chun aon chríche ar bith. Áirítear air seo, gan a bheith teoranta dó, an méid seo a leanas:
- Ní áireofar am atá caite ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh CRS leis an am seirbhíse.
 - Ní áireofar am atá caite ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh CRS i gcás iomarcaíochta amach anseo.
 - Ní áireofar am atá caite ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh CRS maidir le dul chun cinn incriminteach.
37. **Pinsean:**
Ní hionann tréimhse ama atá caite ar an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh agus seirbhís inphinsin.
38. **Seirbhís reatha - Sinsearach:**
Tá na socruithe maidir le sinsearach CRS sonraithe in Imlitir 59/2006 na chuid na ROS (agus i gcás sosanna gairme in Imlitir 22/2012 de chuid na ROS). Má fhaigheann CRS post tríd an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh seo, **ní bheidh** aon tseirbhís reatha mar CRS ináirithe chun críche sinsearachta amach anseo mar CRS leis an bhfostóir nua, is é sin, is é / í an CRS is sóisearaí ó thaobh sinsearachta de ina f(h)ostaíocht nua.
39. Cuirfear deireadh leis an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh CRS 2018/19 ar 1 Meitheamh 2019.
40. Seoltar fiosruithe i leith na hImlitreach seo trí ríomhphost amháin chuig an seoladh r-phoist tiomnaithe seo a leanas:
snasupplementpanel@education.gov.ie

Doiciméad Fíorú Próisis – le comhlánú ag fostóirí

Leathanach 1 de 2

Ba chóir d'fhostóirí Doiciméad Fíorú Próisis ar leith a chomhlánú i ndáil le gach duine a cheaptar i ngnáthfholúntas CRS **lena n-áirítear uaireanta breise a chomhdú (is é sin, má fhaigheann CRS atá fostaithe go páirt-aimseartha cheana féin uaireanta breise)**. Ní gá Foirm Doiciméad Fíorú Próisis a chomhlánú maidir le folúntais ionadaíochta nó “chlúdaigh”.

Ní mór leagan comhlánaithe den doiciméad seo a chur ar ais chuig an mbainisteoir um shannachán forlíontach laistigh de shé sheachtaine ón dáta ar líonadh an folúntas. ***Déan cinnte go n-úsáidtear an Doiciméad Fíorú Próisis a bhfuil Uimhir na hImlitreach 2018/19 air. Tá sí clóite sa chúinne ar dheis ar bharr. Seolfar foirmeacha Doiciméad Fíorú Próisis níos sine ar ais chuig an scoil/BOO agus iarrfar ort foirm reatha a sheoladh isteach.***

1. Ar phost athsholáthair nó post breise de bharr leithdháilte mhéadaithe é an folúntas CRS ag do scoil / BOO? (cuir tic sa bhosca cuí). (Cuir tic mar is cuí).

Post Athsholáthair

Leithdháileadh Méadaithe

2. Ar phost páirt-aimseartha nó lánaimseartha é seo?
3. Ar thairg do scoil/BOO uaireanta/poist sa bhreis don bhfoireann pháirt-aimseartha reatha sula ndeachthas i muinín socrúcháin earcaíochta de réir ailt 17 den imlitir seo?
4. Mura ndearnadh amhlaidh, ar fhógair do scoil/BOO an folúntas ar shuíomh gréasáin amháin nó níos mó ná sin atá luaite in alt 19 den Imlitir seo?
5. An bhfuair tú iarratais ó CRS(anna) a raibh cóip dheimhnithe den Fhoirm Phainéil 1 (PF1) faoi iamh leo?
6. Má fuair, ar an gcéad dul síos, ar chuir tú iarratasóirí a raibh cóipeanna deimhnithe den Fhoirm Phainéil 1 (PF1) acu **amháin** faoi agallamh de réir na bhforálacha in ailt 22 agus 23 den Imlitir seo?
7. Ar bhronn tú an folúntas ar CRS a raibh cóip dheimhnithe den Fhoirm Phainéil 1 (PF1) aige/aici?
8. Murar bhronn, sonraigh an chúis nár bhronn tú an folúntas ar iarratasóir CRS a raibh PF1 deimhnithe aige/aici.

Ba cheart cuimhneamh air gurb í an t-aon chúis amháin nach féidir le scoil/BOO folúntas a líonadh le duine nach bhfuil Foirm Phainéil Dheimhnithe 1 (PF1) aige/aici ná, má chinntítear i ndiaidh agallaimh nach gcomhlíonann aon iarratasóir a bhfuil Foirm Phainéil 1 aige/aici na hinniúlachtaí agus/nó na riachtanais ar leith chun riachtanais oideachais ar leith an dalta/na ndaltaí a chomhlíonadh. Tá gach ceapachán CRS faoi réir seiceáil agus dearbhú Teistiméireachtaí, faoi réir comhlíonadh aon riachtanais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde agus faoi réir grinnfhiosrúchán sásúil an Gharda Síochána.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile:

Seoladh na Scoile:

Uimhir Theileafóin na Scoile: _____

Uimh. Rolla na Scoile: _____

Le síniú ag an bPríomhoide / Rannóg Acmhainní Daonna an BOO:

Deimhním leis seo, ar feadh m'eolais, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm agam ceart agus cruinn.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimhir Theileafóin an Phríomhoide/an Roinn Acmhainní Daonna BOO: _____

Le síniú ag an gCathaoirleach, an Bord Bainistíochta / Bainisteoir Acmhainní Daonna an BOO:

Deimhním leis seo, ar feadh m'eolais, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm agam ceart agus cruinn.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimhir Theileafóin an Chathaoirligh/Bainisteoir Acmhainní Daonna an BOO: _____

Ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an mbainisteoir sannacháin fhorlíontaigh ag an seoladh seo a leanas laistigh de shé sheachtaine ón dáta ar líonadh an folúntas.

Bainisteoir Sannacháin Forlíontaigh**Bloc 2, Urlár 2****An Roinn Oideachais agus Scileanna****Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1**

Ráiteas Príobháideachais Sonraí

Is é an phríomhchuspóir atá leis na sonraí pearsanta seo a thugann tú don Roinn ná monatóireacht a dhéanamh ar cheapachán CRSna ón bpainéal forlíontach. D'fhéadfaí na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil a mhalartú le hionadaithe údaraithe údaraithe den bhfoireann

Tá mionsonraí iomláine an bheartais chosanta sonraí atá ag an Roinn ina leagtar amach conas mar a úsáidimid do chuid sonraí pearsanta, mar aon le heolas faoi do chearta mar dhuine is ábhar do na sonraí, ar fáil ag <https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Cosaint-Sonra%C3%AD/Eolas.html>. Tá sonraí an bheartais seo agus fógra príobháideachais ar fáil mar chóip chrua leis, ach é a iarraidh ón seoladh seo a leanas:

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

AGUISÍN 2:

Foirm Painéil 1 (PF1)

Leathanach 1 de 2

FOIRM PAINÉAL SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH CRS 2018/19

Ba chóir do scoil/BOO an fhoirm seo a chomhlánú má chuireann fostóir CRS (**a bhfuil ar a laghad bliain amháin de sheirbhís leanúnach fabhraithe aige/aici**) ar an eolas go gcuirfear ar iomarcaíocht é/í. (Ní áireofar seirbhís ionadaíochta, is é sin, clúdach le haghaidh tréimhse mháithreachais, saoire bhreiteachta, sosanna gairme, post-roinnt srl.)

Ná líon an fhoirm ach i gcás CRSanna a cuireadh ar iomarcaíocht ar an 1 Bealtaine 2017 nó roimhe sin. Níor chóir an fhoirm seo a chomhlánú má chailleann CRS uaireanta ach má tá sé/sí ag fanacht lena f(h)ostóir reatha.

Más rud é go gceapfar CRS i bpost eile CRS ar an 1 Meitheamh 2019 nó roimhe, ní mheasfar mar bhall den phainéal sannacháin fhorlíontaigh 2018/19 do CRSanna a thuileadh é / í.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile:

Seoladh na Scoile:

Uimhir Theileafóin na Scoile:

Uimh. Rolla na Scoile: _____

Sonraí an Chúntóir Riachtanais Speisialta:

Ainm an Chúntóir Riachtanais Speisialta:

Seoladh an CRS:

Uimhir PSP an CRS:

Uimh. Theileafóin an CRS:

Cén dáta ar thosaigh fostaíocht an CRS seo sa scoil / BOO: __/__/_____

Ar cuireadh an CRS seo ar an eolas go gcuirfear ar iomarcaíocht é/í ?

Cuireadh _____ Níor cuireadh _____

Cén dáta ar cuireadh an CRS ar an eolas go foirmiúil go gcuirfear ar iomarcaíocht é/í?: __/__/_____.

Cén dáta a thiocfaidh deireadh le fostaíocht an Chúntóir Riachtanas Speisialta seo i do scoil/BOO __/__/_____ [ba chóir an 31 Lúnasa a úsáid má chríochnaíonn fostaíocht an CRS ag deireadh na scoilbhliana]

Leathanach 2 de 2

Le síniú ag an bPríomhoide/Rannóg Acmhainní Daonna an BOO:

Deimhním leis seo, ar feadh m'eolais, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm agam ceart agus cruinn.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimhir Theileafóin an Phríomhoide/an Roinn Acmhainní Daonna BOO: _____

Le síniú ag an gCathaoirleach, an Bord Bainistíochta / Roinn Acmhainní Daonna an BOO:

Deimhním leis seo, ar feadh m'eolais, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm agam ceart agus cruinn.

Síniú: _____

Dáta: _____

Uimhir Theileafóin an Chathaoirligh/an Roinn Acmhainní Daonna BOO: _____

Le síniú ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta:

Deimhním leis seo, ar feadh m'eolais, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ar an bhfoirm agam ceart agus cruinn.

Síniú: _____

Dáta: _____

Ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a thabhairt don gCRS a cuireadh ar an eolas go gcuirfear ar iomarcaíocht é/í. Ba chóir don scoil/BOO cóip den bhfoirm a choinneáil dá c(h)uid taifead féin.

Is ceart do CRSanna cóip den bhFhoirm Phainéil 1 (PF1), agus í comhlánaithe, a thabhairt d'fhostóirí i gcónaí agus iad ag déanamh iarratais ar fholúntais mar is é sin an t-aon mhodh d'fhostóirí lena chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Cearta Painéil ag iarratasóir.

AGUISÍN 3:

Leathanach 1 de 2 FOIRM SCAR-ROGHA

CÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA – FOIRM SCAR-ROGHA DON bPAINÉAL SANNACHÁIN FHORLÍONTAIGH DO CRSanna 2018/19

Moltar do CRSanna an fhoirm seo agus an Imlitir a bhaineann léi, Imlitir 0034/2018, a léamh go cúramach roimh dóibh síniú a chur léi.

Tá an fhoirm seo le comhlánú ag an CRS ar mian leis scaradh leis an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh CRS 2018/19. Cuirfidh sin tús leis an bpróiseas chun a (h)íocaíocht iomarcaíochta a dhéanamh de réir na dtéarmaí a leagtar amach sa scéim iomarcaíochta CRS (Imlitir 58/06 de chuid na ROS) nó le hathbhreithniú ar bith air sin a bheidh infheidhme amhail an tráth sin. Is cinneadh críochnaitheach ceangailteach é an cinneadh scaradh leis an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh 2018/19 do CRSanna.

Aon CRS a scarann leis bpainéal sannacháin fhorlíontaigh 2018/19 do CRSanna agus a fhaigheann íocaíocht iomarcaíochta, agus a athfhostaítear mar CRS i scoil nó BOO **ar bith** laistigh de bhliain amháin ó bheith curtha ar iomarcaíocht, ní mór dó a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna nó don Bhord Oideachais agus Oiliúna ábhartha go bhfuil íocaíocht den sórt sin faighte aige/aici. Sna cúinsí sin, beidh ar an CRS an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Déanfar na socruithe don aisíocaíocht an tráth sin, faoi réir an aisíocaíochta a bheidh críochnaithe laistigh de chreat ama 12 mí.

Ba chóir a thabhairt ar aird, fiú más rud é go n-aisíocann CRS an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta, measfar an tseirbhís a ndearnadh an íocaíocht ina leith a bheith briste de bharr go bhfuair an duine sin a t(h)eidlíochtaí reachtúla iomarcaíochta agus ní bheidh seirbhís den sórt sin ináirithe chun críocha iomarcaíochta má chuireann an fostóir nua an duine ar iomarcaíocht tráth ina dhiaidh sin.

Má chomhlánaítear an fhoirm seo, glacfar leis go n-aontaítear leis na téarmaí agus na coinníollacha seo. Lena chois sin, má chomhlánaítear an fhoirm seo, tugtar cead don Roinn Oideachais agus Scileanna, agus d'fhostóir CRSanna ar bith san earnáil oideachais, na mionsonraí inti a úsáid chun críche monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála seo.

Sonraí na Scoile:

Ainm na Scoile:

Seoladh na Scoile:

Uimhir Theileafóin na Scoile:

Uimh. Rolla na Scoile:

Sonraí an Chúntóir Riachtanais Speisialta:

Ainm an Chúntóir Riachtanais Speisialta:

Seoladh an CRS:

Uimhir PSP an CRS:

Leathanach 2 de 2

Le síniú ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta:

Tá na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an bpainéal sannacháin fhorlíontaigh CRSanna 2018/19 léite agamsa _____ (ainm i mbloclitreacha), go cúramach agus tuigim go hiomlán iad. Dearbhaím gur mian liom scaradh le ballraíocht an phainéil sannacháin fhorlíontaigh do CRSanna 2018/19. Glacaim leis go mbeidh orm an Roinn Oideachais agus Scileanna, nó an BOO mar is cuí, a chur ar an eolas má fhaighim Íocaíocht Iomarcaíochta mar a leagtar amach thuas ar an bhfoirm seo é, agus má fhostaítear mar CRS i scoil/BOO **ar bith** mé laistigh de bhliain amháin ó cuireadh ar iomarcaíocht mé, go bhfuil íocaíocht den chineál sin faighte agam. Sna cúinsí sin, beidh orm an ghné bhreisithe (*ex gratia*) den íocaíocht iomarcaíochta a aisíoc. Tugaim cead m'uimhir PSP a stóráil i mBunachar Sonraí Lárnach. Lena chois sin, tugaim cead don Roinn Oideachais agus Scileanna agus d'fhostóir CRS ar bith san earnáil oideachais an fhaisnéis ar fad atá ar an bhfoirm seo a úsáid chun críche monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na forála seo.

Síniú: _____

Dáta: _____

Ba chóir an fhoirm seo a sheoladh ar ais chuig:

An tAonad Iomarcaíochta CRS

An Rannóg Phárolla

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cor na Madadh

Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

Tabhair do d'aire: má bhí tú fostaithe ag BOO ba chóir an fhoirm scar-rogha a chur ar ais chuig Rannóg Acmhainní Daonna an BOO sin, agus déanfaidh an Rannóg sin an íocaíocht a phróiseáil.

Ba chóir cóip den bhfoirm seo a choinneáil do do thaifid féin.

A luaithe agus a fhaigheann an Rannóg Párolla an fhoirm chomhlánaithe seo, déanfar próiseáil íocaíochta iomarcaíochta a thionscnamh de réir na dtéarmaí a leagtar amach faoin scéim iomarcaíochta CRSanna (Imlitir 58/06 de chuid na ROS), nó de réir aon athbhreithnithe air sin a mbeidh i bhfeidhm ag an am ar choinníoll go bhfuil an CRS i dteideal na híocaíochta sin.

Ráiteas Príobháideachais Sonraí

Is é an phríomhchuspóir dá bhfuil na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil ag teastáil ón Roinn

1. Próiseáil a dhéanamh ar d'iarratas ar íocaíocht iomarcaíochta
2. Chun scaradh leis an bPainéal Sannacháin Fhorlíontaigh

D'fhéadfaí na sonraí pearsanta a mhalartú leis an Rannóg Phárolla agus le d'fhostóir.

Tá mionsonraí iomláine an bheartais chosanta sonraí atá ag an Roinn ina leagtar amach conas mar a úsáidfidimid do chuid sonraí pearsanta, mar aon le heolas faoi do chearta mar dhuine is ábhar do na sonraí, ar fáil ag <https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Cosaint-Sonra%C3%AD/Eolas.html>. Tá sonraí

an bheartais seo agus fógra príobháideachais ar fáil mar chóip chrua leis, ach é a iarraidh ón seoladh seo a leanas:
An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.